Bí ag Smaoineamh
(Bain úsáid as do shamhlaíocht)

Féach ar na lachain sa phictiúr seo le Robert Ballagh.

Agus an lacha ag snámh céard a fheiceann sí thart timpeall uirthi?
Céárd a fheiceann sí thíos fúithi? Céard a fheiceann sí thuas os a cionn?
Céard iad na dathanna a bhaineann leis na rudaí seo ar fad?
Céard a chloiseann sí?
Conas a bhraitheann sí?
An mbíonn uaigneas uirthi riamh?

Anois lig ort gur lacha tusa

Céard atá ar siúl agat? An bhfuil tú ag eitilt? An bhfuil tú ag snámh?
Céard a fheiceann tú? Céárd a chloiseann tú?
Conas a bhraitheann tú?

Bí ag Scríobh

Líon isteach do thuairimí féin thíos.

Is lacha …….. mé.

Táim

ag ……

……

Thart timpeall orm

feicim ……..……

Thuas os mo chionn

feicim ……

Thíos fúm

feicim ……

……

Gach lá bím

ag ……

……

Gach

oíche ……

……

I rith an lae

feicim ……

……

I rith na hoíche

feicim ……

……..

I rith an lae

cloisim ……

……..

San oíche

cloisim ……

……..

Anois bain úsáid as cuid de na smaointe thuas chun do dhán nó do scéal féin a scríobh.
Is féidir rud ar bith a scríobh ach mura bhfuil smaoineamh ar leith agat d'fhéadfá tosnú le

Is lacha uasal álainn mé.
Bím ag eitilt os cionn an domhain.
Feicim ...
Cloisim …

nó

Is lacha uaigneach mé.
Bím ag eitilt liom féin anseo sa spéir …

nó b'fhéidir go bhfuil do smaoineamh féin agat.
Ar aghaidh leat.

Bí ag scríobh agus bain taitneamh as.

© Áine Ní Ghlinn